

**Tús: Tráigh Fionntrá • Críoch: An Baile Breac**  
**Fad: c. 18km • Léarscáil: Uimhir 70, Sraith Eolais**

### 1. Tráigh (Trá) Fionntrá

Is ó Thráigh Fionntrá, de réir traidisiúin a ghabhann siar breis is míle bliain, a thugadh lucht oilithreachta aghaidh ar Chnoc Bréanainn is ar Chosán na Naomh. Sa tseanlitríocht, is ag an trá seo a tharla an comhrac miotasach, ar a dtugtar Cath Fionntrá, inar sháraigh laoch mór na bhFiann in Éirinn, Fionn Mac Cumhaill ‘Impire an Domhain go léir seachas Éire’, Dáire Donn.

### 2. Cill na gColmán

Láthair mhainistreach ó na Luath-Mheánaoiseanna is ea Cill na gColmán. Imfhálú cré ciorclach i lár goirt atá ann agus is é an bollán mór a bhfuil dhá chros éagsúla greanta air, príomhghné na láithreach. Impí ar phaidir do Cholmán, oilithreach, atá san inscríbhinn Oghaim atá mar leathfhráma ag na crosa. **Ní mór geata an ghoirt a dhúnadh id dhiaidh.**

### 3. Dún agus Caisleán Ráthanáin

Tógadh Caisleán Ráthanáin, túrtheach ón 15ú aois, i seanaráth ó aimsir na luath-Mheánaoiseanna. Táthar den tuairim gur sa ráth seo a mhaireadh feirmeoirí móra an cheantair roimh theacht na Normánach. Ridirí Chiarraí, ar Ghearlaigh iad, a thóg an caisleán ar an láthair seo os cionn Chuan Fionntrá. Tá ana-radharc uaidh agus duine ag gabháil ó thuaidh trí Mhám na Gaoithe. Deineadh an caisleán a scrios le linn aimsir Chromail sa 17ú céad. **Tá an caisleán seo ar thalamh príobháideach.**

### 4. Teampall na Cluanach

Imfhálú beag eaglasta ar thalamh príobháideach atá i dTeampall na Cluanach. Tá fothracha sáipéilín agus seana-eaglaise ann agus chomh maith leosan tá fothraigh clochán ann agus dhá philéar chros-inscríofa a d’fhéadfadh a bheith ann ó thréimhse nach luaithe í ná an naoú aois.

### 5. Séipéilín Ghallaraí

Tá Gallaras ar an gceann is foirfe agus is iomláine des na cealla Críostaí go léir a bhfuil a n-iarmaí le fáil in Éirinn inniu. Meastar gur tógadh é uair éicint idir an 10ú agus an 11ú céad, nó níos luaithe. Níl a mhacasamhail de thógáil atá chomh healaíonta le feiscint i gcás aon chille eile. Tá an séipéal féin tógtha laistigh d’fhothrach seanamhainistreach.

### 6. Caisleán Ghallaraí

Túrtheach ón 15ú céad atá sa chaisleán agus sliocht Gearaltach a bhí ina gcónaí ann. Deineadh díobháil don gcaisleán le linn aimsir Chromail sa 17ú céad. Deineadh athchóiriú air le blianta beaga anuas.

### 7. Cathair Deargáin

Meastar gur tógadh an Séadchomhartha Náisiúnta seo am éigin idir an 8ú agus 9ú aois. Falla cloch atá geall le bheith ciorclach, agus cúig sheomra chiorclacha istigh, atá ann. Ionad cónaithe ag feirmeoir láidir ba ea é. Níl rian den tsíl isteach ann a thuilleadh agus is isteach tré gheata a théitear fé láthair. Tá uaimh i gceann de na clocháin agus í dúnta isteach.

### 8. Fothrach an tsainsiléara

Meastar gurb é seo tigh Sheansailéirí leanúnacha Dheoise Ard Fhearta. Fothrach foirgnimh fhada dhronuilleogaigh atá roinnte ina dhá sheomra is ea é, agus oscailt d’oigheann amach i gceann acu.

### 9. Cill Maoilchéadair

Seo í an láthair eaglasta is tábhachtaí i gCorca Dhuibhne. Tá sí tiomnaithe do Naomh Maoilchéadair a cailleadh sa bhliain 616. Tá eaglais sa stíl Rómhánúil lena corp agus lena saingeal, ón 12ú aois, istigh ina lár. Ina luí in aghaidh áirse sa tsaingéal, tá cloch chrosmhaisithe ón 6ú céad agus aibítir Seana-Ghaeilge greanta ar thaobh amháin di. Fuaireadh cloch Oghaim, clog gréine agus iarsmaí eile sa láthair chomh maith. Tá tobar beannaithe agus tigh cónaithe neamhghnách cúpla céad slat ón láthair a dtugtar

Fothrach Bréanainn air, agus a tógadh sa séú nó sa tseachtú aois déag. **(Níl céad isteach sa tigh seo faoi láthair).** Tá tobar beannaithe eile trasna an bhóthair ón reilig.

### 10. Ealaín Charraige

Tá tuairim ann go bhféadfadh an mhóitíf bhíseach seo nár aimsíodh go dtí le fíordhéanaí, a bheith ina mharcóir bealaigh ar Chosán na Naomh. D’fhéadfadh chomh maith go bhfuil sé ann ó dháta éigin sa tréimhse réamhstairiúil agus gur tré thimpiste atá sé taobh leis an gCosán céanna.

### 11. Corr Áille

Caithfidh go raibh baint ag láthair eaglasta Chorr Áille leis an oilithreacht chuig Cnoc Bréanainn, cé go ngabhann an cosán ar an dtaobh thall den láthair seachas thairis an bealach isteach. Tá imfhálú nó caiseal sa láthair a bhfuil clochán ann chomh maith le leacht ársa, cloch chrosmhaisithe bhriste agus cúpla leac uaighe a d’fhéadfadh ceallúnach nó ionad adhactha do leanaí gan bhaisteadh a bheith thíos fúthu. Lasmuigh den mballa tá dhá fhothrach clochán eile agus pasáiste fé thalamh fé cheann acu.

### 12. Cnoc Bréanainn

Síneann Cnoc Bréanainn, an dara sliabh is airde in Éirinn, breis is 950 méadar os cionn na farraige. Tá lucht oilithreachta ag triall ar bharr Chnoc Bréanainn leis na cianta cairbreacha. Ghabhaidís siar ó thuaidh ó Chuan Fionntrá ar Chosán na Naomh go barra an chnoic le hAifreann a chlos ar an nDomhnach deiridh de mhí an Mheithimh gach bliain.

**Start: Trá Fionntrá (Ventry Beach) • Finish: An Baile Breac**  
**Distance: c. 18km • Map: No. 70, Discovery Series**

#### 1. Trá Fionntrá (Ventry Beach)

*Trá Fionntrá* is the start of the pilgrimage route, as it doubtless also was a thousand years ago or more. In Old Irish literature, this beach was the scene of a somewhat mythical encounter known as *Cath Fionntrá* (the Battle of Ventry) in which the great hero *Fionn Mac Cumhaill* overcame ‘the Emperor of all the World except Ireland’, *Dáire Donn*.

#### 2. Cill na gColmán (Kilcolman)

A monastic site in the middle of a field, which consists of a circular earthen enclosure. **(If visiting make sure you close the gate behind you.)** Its main feature is a large boulder decorated with an encircled cross-of-arms and a separate, smaller cross, both half framed by an inscription in the Old Irish Ogham script, requesting a prayer for *Colmán*, the pilgrim.

#### 3. Ráthanáin / Rahinane Castle and Ringfort

On the west side of the road a ruined 15th-century tower house sits within a ring fort of the early medieval period (probably dating from the 7th-10th centuries AD). The ringfort would have been the home of a strong farmer of that period. The castle was built by the branch of the Fitzgerald Family known as the Knights of Kerry, who re-used and probably re-fortified the ringfort, which is in a strategic position overlooking Ventry Harbour and also guards the pass to the north. The castle was destroyed during the Cromwellian Wars in the middle of the 17th century. **The castle is on private property.**

#### 4. Teampall na Cluanach (Templenacloonagh)

This is a small ecclesiastical enclosure on private land, containing the ruins of an oratory and a slightly larger church. In addition to some equally ruined beehive huts, it also contains two impressive standing cross-inscribed pillars which may be no earlier than the ninth century.

#### 5. Gallarus Oratory

This iconic building is the only one of its kind surviving intact on the Irish mainland. It was the church of a monastery, other elements of which are still visible on the site. It may date from the 10th or 11th century AD, or even earlier.

*continued* →